Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16893/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0129(COD)**

**CODEC 2159**
**PI 229**
**PHARM 193**
**PE 113**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 816/2006<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 15 go dtí an 18 Nollaig 2025) |

## I. VÓTÁIL

An 16 Nollaig 2025, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa gur formheasadh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh gan leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

---

1 10498/2/25 REV 2.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus ag Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**
**(16.12.2025)**

# P10_TA(2025)0319

## Ceadúnú éigeantach paitinní i gcásanna géarchéime

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 (10498/2/2025 – C10-0281/2025 – 2023/0129(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (10498/2/2025 – C10-0281/2025),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2023[2],

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[3] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0224),

– ag féachaint d’Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0246/2025),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C);

3. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

5. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na

---

2 IO C, C/2023/865, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/865/oj.
3 IO C, C/2025/1031, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1031/oj.

nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 tráth a glacadh Rialachán (AE) 2025/...[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh.**

**816/2006**

Geallann an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006, i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo.

---

1 IO: Cuir isteach sraithuimhir an Rialacháin a glacadh faoi nós imeachta COD 2023/0129.